



## ACMHAINN 12

### Sleachta ó nuachtáin Eorpacha

Sliocht ó *'Le Figaro'*, an Fhrainc (2014)

#### **Calafort Calais faoi léigear ag imircigh**

Ón samhradh i leith, bhí ar na húdaráis chalafoirt déileáil le mórfhlódú isteach na gcéadta imirceach neamhdhleathach. Measann na fórsaí póilíneachta gurb é 3 000 líon na n-imirceach agus gur ón Eiritré is mó a tháinig siad.

An 'Cianiarthar' Staid atá 'imithe ó smacht'. 'Limistéar aindlí'. In Calais, tá an calafort agus an baile 'faoi léigear' rud atá ina chúis éadóchais do na húdaráis agus do na háitritheoirí ar léir dóibh an staid a bheith ag dul in olcas go leanúnach de réir mar a thagann méadú as cuimse ar na himircigh fholaitheacha agus mar a leanann a ndiongbháilteacht de bheith ag fás 'El Dorado' Shasana a bhaint amach. In ainneoin an chomhaontaithe le déanaí idir an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe lena bhforáiltear do chomhar idir an dá rialtas chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistítear brú imirceach trasna Mhuir nIocht, is léir leibhéil nua ionsaitheachta agus cineálacha iompair gan réamhshampla ar an láthair, áit a bhfuil eachtraí agus scliúchais ag méadú go leanúnach.

Foinse: [Le Figaro](#)

Sliocht ó *'Proto Thema'*, an Ghréig (2014)

#### **Déanfaidh níos mó ná 300 000 inimirceach iarracht an Ghréig a shroicheadh**

Tá an tír an-toilteanach déileáil le hiarmhairtí na bhforbairtí sa tSiria agus le rabhartaí d'imircigh a dhéanfaidh iarracht teacht isteach chun ár dtíre tríd an gcuisle farraige. Léirigh an tAire Loingseoireachta, Miltiades Varvitsiotis, a chúis imní go dtiocfaidh fás as cuimse ar an líon imirceach ón tSiria a thiocfaidh isteach sa Ghréig mar gheall ar na himeachtaí a tharla le déanaí sa tSiria. Agus an Coiste parlaiminteach um Tháirgeadh agus Trádáil á chur ar an eolas faoi athchóiriú na hAireachta Loingseoireachta, is é an meastachán a rinne an tUasal Varvitsiotis ar líon na n-imirceach a dhéanfaidh iarracht teorainneacha mara na tíre a thrasnú ná 300 000. Chuir sé i bhfios go láidir freisin go raibh an Ghréig réidh le dul i ngleic le hiarmhairtí na n-imeachtaí drámata a tharla le deanaí sa tSiria. Dúirt an tAire Loingseoireachta go láidir go bhfuil sé ag oibriú go dlúth le hairí eile agus leis na coistí freagracha chun na bearta go léir is gá a ghlacadh agus dlús a chur leis an rialú d'fhonn deileáil leis an mbrú ollmhór a thiocfaidh de dheasca mhórfhlódú isteach na n-imirceach a bheidh ag iarraidh teacht isteach sa tír go neamhdhleathach.

Foinse: [PROTO THEMA](#)

Sliocht ó *'Mail Online'* an Ríocht Aontaithe (2006)

#### **Tugann tuarascáil rúnda rabhadh faoi ollchliseadh imirce sa Bhreatain**

D'fhéadfadh ardú ollmhór in inimirce an bhliain seo chugainn tús a chur le géarchéim i scoileanna na Breataine, sa tithíocht agus sa chóras leasa shóisialta, de réir tuarascáil rúnda a sceitheadh chuig an 'Mail on Sunday'. Nochtann an doiciméad gur ordaíodh do gach roinn Rialtais pleananna éigeandála a chosnódh na milliúin punt a tharraing suas tar éis é a bheith curtha in iúl dó go bhfuil an tubaiste i ndán do na seirbhísí poiblí mar thoradh ar na céadta míle duine ó Oirthear na hEorpa a bheith ag plódú isteach sa Bhreatain. Tugann sé rabhadh freisin go bhféadfadh 'mórathrú' ar leibhéil na hinimirce an bhliain seo chugainn an staid a dhéanamh níos measa, fiú amháin, rud a chuirfeadh tús le frithfhreagairt fheargach ar fud na tíre. Tagann an nochtadh sin nuair atá an 'Mail on Sunday' ag cur in iúl go bhfuil an rabharta nua inimirce ina cúis achrainn shóisialta chomh mór in Oirthear na



## ÁRAS STAIR NA HEORPA

hEorpa agus atá sé sa Bhreatain. D'aimsigh an t-imscrúdú a rinneamar go bhfuil Polannaigh ag dumpáil leanaí i dtithe cúraim áitiúla ionas gur féidir leo taisteal go dtí an Bhreatain. Tuairiscítear gur chuir roinnt daoine lámh ina mbás féin nuair a tugadh cúl dóibh. Is é is teideal don doiciméad a sceith an tAire Gnóthaí Baile, Joan Ryan, 'Imirce ó Oirthear na hEorpa: An tionchar ar Sheirbhísí Poiblí agus ar Chomhtháthú Pobail'.

Foinse: [Daily Mail](#)

- Cad iad na dearcthaí is láidre i leith na n-imirceach agus i leith na himirce sna hailt seo?
- Cad iad na focail nó na frásaí a úsáideann na scríbhneoirí chun dul i bhfeidhm orainn níos mó go mothaitheach?  
Cuir ciorcal timpeall/cuir líne faoi na focail agus na frásaí.
- Dar leatsa, cén chaoi a bhféadfadh na hailt seo dul i bhfeidhm ar thuairimí an phobail?

